Dáta: 21 Nollaig 2011

AIGHNEACHT A DÓ

Ó

Ghaeltacht Chontae an Chláir

MAIDIR LE

Forbairt agus Inspreagadh na Gaeilge i nGaeltacht Chontae an Chláir agus Caomhnú na Gaeilge 2011-2012

MÁIRE.UI CHURRAOIN agus
An Rúnaí,
An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Na Forbacha
Contae na Gaillimhe

A Rúnaí, a Chara,

Tá mé á scríobh seo in iarracht aitheantas reachtúil a lorg don tsean-Bhreac-Ghaeltacht in iarthar Chontae an Chláir faoi mar a thuairiscigh Coimisiún na Gaeltachta 1926 do Rialtas na hÉireann tráth den tsaol.

Chuige sin, is dóigh liom gur ghá limistéar nua Gaeltachta a fhógairt i gContae an Chláir nó i gcodanna de láithreach bonn ar mhaithe le pobal na Gaeilge agus le todhchaí na Gaeilge labhartha sa limistéar úd arís.

Is fíor gur tháinig meath ar Ghaeltacht Chontae an Chláir suas go dtí 2001 sa méid is nár airíodh an oiread sin Gaeilge á labhairt ann taobh istigh de roinnt thithe cónaithe an cheantair agus taobh amuigh den chóras oideachais an tráth sin nó an raibh dul amú ar gach duine de na saineolaithe?.

I ngeall ar nach bhfuil an Ghaeilge ag dul ar gcúl níos mó **i mBreac-Ghaeltacht traidisiúnta Chontae an Chláir**, ba cheart **staid na Gaeltachta úd** a scrúdú go córasach anois agus ba cheart don Phríomh-Oifig Staidrimh a thuairisciú don Rialtas air seo ionas gur féidir leis an Rialtas cinneadh a dhéanamh mar gheall ar cén leigheas atá ar an scéal agus cén leigheas is féidir a mheas i bhfianaise an athrú chleachtais sa cheantar úd le tamall maith de bhlianta anuas.

Molaimse gur cheart é seo a tharraingt aníos agus a ardú ar an leibhéal cuí sara fada agus míniú a sholáthar faoi cén t-údar nár tugadh **aitheantas reachtúil** do Ghaeltacht Chontae an Chláir fós.

Tá sé seo riachtanach faoi choinne an Ghaeilge a choinneáil beo beathaíoch mar theanga an phobail i gContae an Chláir feasta.

Níl aon chumhacht ag Ranna Stáit **cúnamh reachtúil** a thabhairt do Ghaeltacht Chontae an Chláir dá uireasa.

Is féidir **Gaeltacht Chontae an Chláir** a mhéadú tuilleadh trí í a inspreagadh agus í a fhorbairt tuilleadh.

Is gá don Roinn **imthosca teanga phobal na Gaeltachta dearmadtha** seo a phlé go mion in athuair ar mhaithe le pobal na Gaeilge a bhfuil cónaí orthu ansin a chosaint, a chaomhnú agus a fhorbairt lom láithreach. Is **limistéar neamhfhorbartha Gaeilge** é Contae an Chláir de bharr beartas reatha an Rialtais. Tá an limistéar seo fágtha i bhfad ró-fhada gan **aitheantas reachtúil Gaeltachta**.

Pé stad airgeadais atá i gceist is mionrud é mar gheall ar nach bhfuil ach thart ar 996 cainteoir laethúla gníomhachta fágtha sa chontae dar le Census 2006.

Is féidir aitheantas reachtúil a thabhairt d'iardheisceart Chontae an Chláir láithreach bonn mar is anseo is mó a bhfuil an Ghaeilge le cloisteáil ar shráideanna na mbailte móra agus na mbailte beaga mar ghnáththeanga urlabhartha.

Is athrú suntasach é seo le hais mar a bhí san am a chaitheadh fadó.

Tá go leor leor daoine míshásta leis an dearcadh oifigiúil i leith na Gaeilge i réimse an dhlí mar gheall ar nach bhfuil aon stádas Gaeltachta ag Contae an Chláir le dlí níos mó..

Beidh **Coláiste Eoghan Uí Chomhraidhe** céad bliain ar an bhfód i 2012. Is ait nach bhfuil ceantar Gaeltachta mórthimeall ar an gColáiste samhraidh seo níos mó de cheal míthuiseana agus de cheal tola ar leibhéal Ranna difriúla.

Tá an Ghaeilge le clos anseo i gContae an Chláir ar ár sráideanna a bhuíochas sin le nósmhaireachtaí nua atá ag cothú na Gaeilge anseo.

Le dul i ngleic le **sainriachtanais na Gaeltachta seo**, tá géarghá le bearta cuimsitheacha a thabhairt isteach chun **riachtanais na gceantair seo** a chomhlíonadh trí ghníomhaíochtaí teangeolaíochta a bheartú don cheantar agus iad a chur i bhfeidhm iontu gan iachall.

Ní fíor a mhaíomh nach bhfuil **limistéar mór Gaeltachta** i gContae an Chláir ach an oiread I dtaobh is go bhfuil **fairsinge na Gaeltachta** mór a dóthain sa taobh seo tire anois chun críocha praiticiúla anois.

Tá sé in am athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas i leith Ghaeltacht Chontae an Chláir.

Tá géarghá le h**Ordú nua Limistéar Gaeltachta (Contae an Chláir)** roimh i bhfad ó thaarla go bhfuil sé seo ar iarraidh le fada fada an lá anuas.

Is ábhar mór buartha é seo dúinne **easpa stádas Gaeltachta** a bheith ann i gcás Contae an Chláir anois fad is atá stádas aici in Aontas an Eorpaigh. Tá dearcadh dearfach gníomhach i leith na Gaeilge i gContae an Chláir anois. Tá **neart fianaise staitisticiúil** ag an Rialtas ó thaobh Chontae an Chláir trí chéile cheana féin.

Tá **struchtúr reachtúil Gaeltachta** riachtanach don Ghaeltacht neamhoifigiúil seo san am atá le teacht.

Tá **pobal beag bríomhar Gaeilge** ag iarraidh a gcearta teanga tríd an aighneacht seo a chur os do chomhair. Chuirfeadh Gaeltacht reachtúil go mór le hinspreagadh phobal na Gaeilge taobh istigh de Chontae an Chláir ó thaobh na teangeolaíochta de.

Ta **cur chuige an Stáit i leith na Gaeltachta** tábhachtach le freastal ar phobal na Gaeilge ó thaobh riachtanais theangeolaíochta ár bpobal féin de i bhfianaise ar cé chomh maith is a d'éirigh leis an Rialtas **na riachtanais athbheochana** a chur i bhfeidhm faoi alt 2 agus alt 3 d'Acht na nAirí agus na Rúnaithe 1956 ar mhaithe le **fairsinge na Gaeltachta** taobh istigh de Chontae an Chláir **ó 1956 i leith**.

Is Breac-Ghaeltacht fós muid féin agus tá **Gaeltacht Chontae an Chláir** comhdhéanta de chainteoirí Gaeilge atá sásta an Ghaeilge a labhairt ar bhonn laethiúl ina saol agus atá sásta í a thabhairt dá dteaghlach, dá bpobal, dá gcomhsanacht, don ghlúin seo agus don chéad ghlúin eile ó thaobh seachadadh dearfach teanga de.

Tá cumhacht ag an Aire **le toiliú an Rialtais** is dócha faoi fhorálacha alt a 2 d'Acht na nAirí agus na Rúnaithe 1956 athrú dlí a achtú agus a chur i bhfeidhm trí **ordú nua limistéar Gaeltachta** a fhógairt i gcás na limistéir i gContae an Chláir nó cuid díobh.

Is iad na limistéir úd atá i gceist ná limistéir ar Gaeilgeoirí an mhórchuid de na daoine iontu agus limistéir ina n-aice sin ar ndóigh leis an Rialtas nár mhór iad a áireamh mar Ghaeltacht d'fhonn an Ghaeilge a chaomhnú agus a leathnú mar ghnáthurlabhartha.

Is féidir leis an bPríomh-Oifig Staidrimh **suirbhé teaghlaigh** a dhéanamh anois ar chumas agus ar iompar teanga na líonta tí san Fhíor-Ghaeltacht agus sa Bhreac-Ghaeltacht anseo i gContae an Chláir mar a shainigh **Coimisiún na Gaeltachta** i 1926 iad le toiliú an Rialtais.

Is féidir **torthaí an tsuirbhé seo** a chur i gcompráid agus a chros-seiceáil le **sonraí eile de chuid na Roinne Oideachais** a bhfuil scoileanna faoine gcúram.

Tá an Stát-chóras agus a ollscoileanna in ann cur amach ar an nGaeilge a mheasúnú go cruinn sa lá atá inniu ann.

Tá **dréachtú na teorainneacha Gaeltachta** faoin Rialtas agus faoin Roinn seo agatsa i gcás Chontae an Chláir feasta. Is gá tabhairt faoin obair seo bunaithe ar thátail an tsuirbhé atá molta.

Is féidir na **toghranna nua Gaeltachta** de chuid Gaeltacht Chontae an Chláir a liostáil i sceideal an ordaithe atá le cur san áireamh mar cheantar Ghaeltachta agus a luíonn le réasún.

Séard atá i gceist agam ná limistéar a bhfuil an Ghaeilge go mór iontu ag pobal na Gaeilge astá beo anois agus i limistéar atá i bhfoisceacht dóibh ba cheart i dtuairim an Rialtais, a bheith curtha san áireamh sa Ghaeltacht d'fhonn an Ghaeilge a chaomhnú agus a leathnú mar ghnáthurlabhartha iontu.

Tá sé faoin Rialtas reatha an pobal s'againne a spreagadh le hiompar Gaeilge na gceantar seo a fheabhsú tuilleadh.

Tá an Ghaeilge á labhairt i gcoitinne i dtoghrainn agus tá sí mar theanga theaghlaigh ag roinnt mhaith daoine agus tá **riar mhaith den phobal** in ann í a úsáid agus a labhairt go líofa go fóill agus tá sí ar a dtoil ag **lear mór daoine** i gContae an Chláir fós.

Tá sé suas don Roinn na limistéir sin a choimeád faoi athbhreithniú i bhfianaise ar an aighneacht seo.

Tá céadatán áirithe de mhuintir na gceantar seo sásta an íobairt leanúnach a dhéanamh chuig an Ghaeilge a úsáid níos coitianta i ngnáthchúrsaí a saoil agus tá siad sásta go méadófar **úsáid na Gaeilge** síoraí seasta ar dóigh go bhféadfar na limistéir seo ar fad nó ar a laghad ar bith cuid díobh, a áireamh in Orduithe Limistéar Gaeltachta a déanfar le toiliú an Rialtais i ngeall ar nósmhaireachtaí teangeolaíochta muintir Chontae an Chláir mar shaoránaigh dílse don náisiún agus don Stát.

Tá an Rialtas tar éis an Ghaeilge a athbheochan agus a threisiú i gcás Chontae an Chlair agus tá géarghá ann í a chaomhnú anois trí **Ordú nua Limistéar Gaeltachta** a fhógairt taobh istigh d'achar an-ghearr ar fad.

Is rud rí-thábhachtach é seo dúinn ar fad mar phobal Gaeltachta.

I ndeireadh na dála, tá súil againn go mbeidh an Roinn chuí an tAire agus an Rialtas sásta an reachtaíocht is gá a thabhairt isteach ar aon dul le moltaí ón Roinn.

Is mise, le fíormheas go deo agus le buíochas mór,

Ania Olender, M.A. san Oideolaíocht
Aonad na Feasachta Teanga
Coiste Forbartha na Gaeilge: Contae an Chláir
Gaeltacht Chontae an Chláir
21 Nollaig 2011